GX898

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 2001

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

AN CHÉAD BHLIAIN

NUA-GHAEILGE

An Chéad Pháipéar

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Gach ceist as **Roinn A** agus **dhá cheist** as **Roinn B** le freagairt.
Úsáid freagarleabhar ar leith do gach roinn.

Roinn A

1. Scríobh aiste *ghearr* ar ábhar amháin acu seo (*gan dul thar 3 leathanach*):

(a) Mise agus an Tíogar Ceilteach!

(b) Tá dualgas orainn uile i leith na n-eisimirceach.

(c) Cultúr na linne seo? Ní cultúr ar bith é!

(d) Oileáin agus oileánachas.

2. Aistrigh an sliocht seo a leanas go Gaeilge:

I would love to spend a year on holidays in Australia. My two brothers went there last year after they finished their science degree in university. Having decided that they needed a long break before becoming part of the Celtic Tiger economy, it took them no more than two minutes to make up their minds that they wished to visit a country with a nice climate. I hear that the sun shines there almost all year round and that you can even eat your Christmas turkey on the beach. Imagine that! I can picture myself already on Christmas Day having an early morning swim on a beautiful sandy beach, playing football under a hot sun, cooling down again in the beautiful clear water, and after all that hard work sitting down to a big feast. It will be a long way from the rain and the wind in Galway. All I need to do now is to make sure that I pass my exams.

3. Scríobh cuntas gearr ar thuisil an ainmfhocail. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí.

nó

Scríobh cuntas gearr ar dhíochlaonta an ainmfhocail. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí.

thall =>

Roinn B An tÚrscéal

4. Is breá an léargas a thugann *Chagrin* ar fhadhbanna dílleachtaí. Pléigh.

nó

Tá scéal Estelle gach aon phioc chomh tábhachtach le scéal Andy in *Chagrin.* Do thuairim faoi sin.

nó

Cé nach í an príomhcharachtar í, tá páirt iontach lárnach ag Ciara in *Chagrin.* Do thuairim faoi sin.

5. An dóigh leat gur scéal breá bleachtaireachta é *Dúnmharú sa Daingean*?

nó

Dhá scéal dhifriúla atá le fáil in *Dúnmharú sa Daingean.* Do thuairim faoi sin.

nó

An éiríonn le Saoirse teacht ar an tsaoirse a bhíonn uaithi in *Dúnmharú sa Daingean*?

6. Is úrscéal thar a bheith aisteach é *Deoraíocht.* Do thuairim faoi sin.

nó

Is duine gránna amach is amach é Mícheál Ó Maoláin, príomhcharachtar *Deoraíocht.*

nó

An bac nó cabhair iad na comhtharlúintí in *Deoraíocht*?